2024/3226

30.12.2024

CINNEADH (AE) 2024/3226 ÓN gCOMHAIRLE

an 16 Nollaig 2024

lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Ríocht na hIorua maidir le comhaontú lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht Ríocht na hIorua i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus maidir le rochtain ar sheirbhísí rialtais

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 189, i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4), de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 7(2), an chéad fhomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), déantar foráil maidir le rannpháirtíocht comhaltaí de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE), ar comhaltaí den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) iad, i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais, faoi réir comhaontú atá le tabhairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Foráiltear le hAirteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2021/696 go bhfuil tríú tíortha in ann rochtain a bheith acu ar sheirbhísí GOVSATCOM ar choinníoll go dtabharfaidh siad comhaontú i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE agus go gcomhlíonfaidh siad Airteagal 43 den Rialachán sin.

(2) Le hAirteagal 11(3) agus Airteagal 39(1) de Rialachán (AE) 2023/588 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), déantar foráil maidir le rannpháirtíocht chomhaltaí CSTE ar comhaltaí de LEE iad i gClár an Aontais um Nascacht Slándála, faoi réir comhaontú atá le tabhairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE. Foráiltear le hAirteagal 40 de Rialachán (AE) 2023/588 go mbeidh tríú tíortha in ann rochtain a bheith acu ar sheirbhísí rialtais ar choinníoll go dtabharfaidh siad comhaontú i gcrích, i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE, lena leagtar síos na téarmaí agus coinníollacha chun rochtain a fháil ar sheirbhísí rialtais, agus go gcomhlíonfaidh siad Airteagal 43(1) de Rialachán (AE) 2021/696.

(3) Leagtar amach i gCinneadh (CBES) 2021/698 ón gComhairle ([3]) na freagrachtaí atá le feidhmiú ag an gComhairle agus ag an Ardionadaí chun bagairt ar shlándáil an Aontais nó ar shlándáil ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit a sheachaint nó chun díobháil thromchúiseach do leasanna bunriachtanacha an Aontais nó do leasanna bunriachtanacha ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit a mhaolú, ar bagairt í a eascraíonn as imscaradh, oibriú nó úsáid na gcóras arna gcur ar bun agus na seirbhísí arna soláthar faoi GOVSATCOM, mar chomhpháirt de Chlár Spáis an Aontais, nó de Chlár an Aontais um Nascacht Shlán, nó i gcás bagairt ar oibriú aon cheann de na córais sin nó ar sholáthar na seirbhísí sin.

(4) Tá comhar seanbhunaithe ann idir an tAontas agus Ríocht na hIorua ('an Iorua') maidir leis an spás. Tá an Iorua rannpháirteach i gClár Spáis an Aontais.

(5) Tháinig an Comhaontú idir Ríocht na hIorua agus an tAontas Eorpach maidir le nósanna imeachta slándála um malartú faisnéis rúnaicmithe ([4]) i bhfeidhm an 1 Nollaig 2004.

([1]) Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/696/oj).

([2]) Rialachán (AE) 2023/588 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2023 lena mbunaítear Clár an Aontais um Nascacht Shlán le haghaidh na tréimhse 2023-2027 (IO L 79, 17.3.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/588/oj).

([3]) Cinneadh (CBES) 2021/698 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 maidir le slándáil na gcóras agus na seirbhísí a imscartar, a oibrítear agus a úsáidtear faoi Chlár Spáis an Aontais agus a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do shlándáil an Aontais, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/496/CBES (IO L 170 12.5.2021, lch. 178, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/698/oj).

([4]) IO L 362, 9.12.2004, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2004/843/oj.

(6) Ba cheart tús a chur leis an gcaibidlíocht d'fhonn comhaontú leis an Iorua a thabhairt i gcrích lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht na hIorua i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus maidir le rochtain ar sheirbhísí rialtais an Aontais agus na mBallstát agus na hIorua faoi seach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leis seo, údaraítear an Coimisiún tús a chur leis an gcaibidlíochtmaidir le comhaontú le Ríocht na hIorua ('an Iorua') lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht na hIorua i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus maidir le rochtain ar sheirbhísí rialtais an Aontais agus na mBallstát agus na hIorua faoi seach.

2. Seolfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ón gComhairle a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Leis seo, déantar an Coimisiún a ainmniú mar idirbheartaí an Aontais.

Airteagal 3

Seolfar an chaibidlíocht i gcomhairle le Meitheal na Comhairle um an Spás, a ainmnítear leis seo mar an coiste speisialta dá bhforáiltear in Airteagal 218(4) CFAE, agus i gcomhréir leis na treoracha atá san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo, faoi réir aon treoracha a d'fhéadfadh an Chomhairle a eisiúint ina dhiaidh sin don Choimisiún.

Airteagal 4

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Nollaig 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

LANTOS C.